An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

# Treoir maidir le Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí

An Chigearacht | Meán Fómhair 2025

## Réamhrá

Príomhthosaíocht atá ag gach duine a thacaíonn le forbairt leanaí is ea a chinntiú go mbíonn timpeallacht shlán shábháilte foghlama ag leanaí i scoileanna agus i suíomhanna oideachais. Tá cultúr láidir cosanta agus cumhdaigh leanaí ann inár scoileanna agus tugann siad an-aird ar na freagrachtaí sin. Aithníonn an Roinn Oideachais agus Óige go bhfuil cosaint leanaí ina freagracht chomhroinnte atá ar thuismitheoirí, ar phearsanra scoile, ar cheannairí scoile, ar an lucht bainistíochta scoile agus ar phátrúin scoile, agus ar na gníomhaireachtaí agus na ranna eile a thacaíonn le scoileanna.

Leagtar amach sa treoir seo conas a dhéanann an Roinn Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna, in ionaid oideachais[1] agus i suíomhanna foghlama eile in Éirinn. Dírítear sna cigireachtaí sin ar conas a chomhlíonann scoileanna na príomhghnéithe de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025* (na nósanna imeachta nuashonraithe). Tá rannpháirtíocht na leanaí agus na ndaoine óga, agus rannpháirtíocht a dtuismitheoirí, ina cuid dhílis den tsamhail chigireachta sin.

Glacfaidh an bord bainistíochta scoile na nósanna imeachta nuashonraithe tráth nach déanaí ná an cruinniú deireanach dá chuid roimh an 31 Nollaig 2026. Féadfaidh scoileanna na nósanna imeachta nuashonraithe a ghlacadh tráth ar bith roimh an dáta sin. Ar ghlacadh, ní mór don bhord úsáid a bhaint as na teimpléid is déanaí arna soláthar ag an Roinn le haghaidh an Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí agus le haghaidh an Mheasúnaithe Riosca, agus athbhreithniú. Go dtí go nglacann scoil na nósanna imeachta nuashonraithe, déanfaidh an Roinn Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí faoi na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (leasaithe 2023)*.

## Cad is cigireacht um chosaint agus chumhdach leanaí ann?

Is é atá i gCigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (CCCL) ná cigireacht dhírithe ar chur chun feidhme na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* nó na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025.* Tugtar sna nósanna imeachta sin treo agus treoir d'údaráis scoile agus do phearsanra scoile i ndáil leis na hoibleagáidí reachtúla atá orthu faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, a chomhlíonadh. Tugtar iontu freisin treo agus treoir i ndáil le cur chun feidhme leanúnach na treorach neamhreachtúla dea-chleachtais atá leagtha amach sa doiciméad *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017*. Scrúdaítear sa tsamhail chigireachta CCCL cur chun feidhme na nósanna imeachta trí shé sheiceáil a dhéanamh.

## Príomhghnéithe

- Is é atá in CCCL ná **cigireacht aon lae** ag beirt chigirí, agus **gníomhaíocht leantach** ag an gcigire tuairiscithe i gcás nár baineadh lánchomhlíonadh amach. Déantar an ghníomhaíocht leantach laistigh de chreat ama réasúnta gearr.
- Is gnách go dtugtar fógra dhá lá roimh ré i gcás Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí. Tugtar an **fógra** trí ghlao teileafóin a chur ar an bpríomhoide roimh ríomhphost ina leagtar na mionsonraí amach. Déanann an Chigireacht Cigireachtaí

[1] Baintear úsáid as an téarma 'scoil' ar fud na treorach seo chun tagairt do scoileanna, d'ionaid oideachais agus do shuíomhanna foghlama eile. Tagann comhordaitheoirí ionaid faoin téarma 'príomhoide'.

neamhfhógartha um Chosaint agus Chumhdach Leanaí ar shampla de scoileanna freisin.
- Déantar **dhá shuirbhé** a riar mar chuid de na cigireachtaí sin. Tá sé mar aidhm leis na suirbhéanna sin tuairimí a mhealladh ó thuismitheoirí agus ó dhaltaí/scoláirí faoi bhearta cultúir agus cumhdaigh sa scoil.
- Beidh **cruinnithe** ag na cigirí leis an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe, leis an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe, le cathaoirleach an bhoird bainistíochta, agus le sampla de phearsanra na scoile.
- Déanfaidh na cigirí **athbhreithniú ar dhoiciméadacht**. Áirítear léi sin an ráiteas maidir le cumhdach leanaí agus an measúnú riosca ón scoil, doiciméid athbhreithnithe bhliantúil, agus fógraí agus cumarsáidí a seoladh chuig pearsanra na scoile, chuig tuismitheoirí, chuig an gcumann tuismitheoirí agus chuig an bpátrún. De bhreis air sin, déanfaidh siad athbhreithniú ar mhiontuairiscí ar chruinnithe an bhoird bainistíochta, lena n-áirítear Tuarascálacha Maoirseachta um Chosaint Leanaí, agus sampla de cháschomhaid cosanta leanaí.
- Ag deireadh na Cigireachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí, tionólfar **cruinniú aiseolais** idir na cigirí, an príomhoide agus an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe. Cé gur róil ar leith iad ról an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus ról an phríomhoide, táthar ag súil leis gurb é/í an príomhoide a ghníomhóidh mar Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe. Tabharfar cuireadh don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe chun freastal ar an gcruinniú sin i scoileanna nach é/í an príomhoide iontu é/í. Ag an gcruinniú sin, pléifidh na cigirí cinntí na cigireachta agus tabharfaidh siad deis don scoil freagra a thabhairt ar na cinntí sin.
- Tamaillín tar éis na cigireachta, gheobhaidh an scoil **torthaí an dá shuirbhé** agus gheobhaidh an príomhoide glao teileafóin ón gcigire tuairiscithe chun iad a phlé.
- Eiseofar **dréacht-tuairisc chigireachta** ina dhiaidh sin chun comhlíonadh na scoile a dhearbhú nó chun tacú leis an scoil teacht chun bheith comhlíontach trí na gníomhartha atá le déanamh a leagan amach.
- Eiseofar **tuairisc amháin** chuig an scoil, ina luafar leibhéal comhlíonta na scoile ar lá na cigireachta agus an ghníomhaíocht leantach (más gá), agus foilseofar í ar an suíomh gréasáin gov.ie.

## Nóta

- Ní thógann cigirí aon chomhaid, aon taifid ná aon doiciméid eile den scoil; ní dhéanann siad cóip d’aon chuid de chomhad ná de thaifead; agus ní thaifeadann siad aon sonraí pearsanta a bhaineann le haon duine dá dtagraítear i gcomhad.
- Is le creat ginearálta na reachtaíochta um chosaint leanaí agus leis na dualgais agus na hoibleagáidí a fhorchuirtear leo agus leis na feidhmeanna reachtúla atá ag an gCigireacht cheana faoi ailt 7(b) agus 13(8) den Acht Oideachais, 1998, a sholáthraítear an bunús dlí lena gceadaítear do chigirí cáschomhaid cosanta leanaí aonair a rochtain agus a athbhreithniú.
- Is gnách gur i gcomhar le Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (CCCL) sa scoil aitheanta atá bainteach leis an tsaoráid chónaithe a dhéantar Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i Saoráidí Cónaithe (CCCLSC) atá bainteach le Scoileanna Aitheanta. Áirítear leo cigireacht ar shaoráidí cónaithe na scoile, ar bhainistíocht na saoráidí cónaithe sin agus ar na socruithe sna saoráidí sin chun a chinntiú go gcomhlíontar na nósanna imeachta iomchuí.

## Breac-chuntas ar na gníomhaíochtaí cigireachta

- San fhorbhreathnú agus sna grafaicí faisnéise ar na leathanaigh seo a leanas, tugtar achoimre ar na gníomhaíochtaí cigireachta a tharlaíonn le linn CCCL.

# Forbhreathnú ar na Gníomhaíochtaí Cigireachta (CCCL)

| | | |
|---|---|---|
| ROIMH AN gCUAIRT CHIGIREACHTA | Gníomhaíocht na Cigireachta | • Tabhair fógra dhá lá roimh ré faoin gcigireacht trí ghlao teileafóin.<br>• Seol ríomhphost chuig an scoil ina leagtar amach na mionsonraí faoin gcigireacht.<br>• Tabhair breac-chuntas ar na doiciméid a bheidh ag teastáil don chigireacht agus ar na cruinnithe a thionólfar le linn na cigireachta.<br>• Seol an Fhoirm Féintuairiscithe Grinnfhiosrúcháin ar aghaidh chuig an scoil.<br>• Tabhair mionsonraí faoi na socruithe le haghaidh na suirbhéanna ar na tuismitheoirí agus ar na daltaí/scoláirí a riar. |
| | Gníomhaíocht na Scoile | • Comhlánaigh an Fhoirm Tuairiscithe Grinnfhiosrúcháin agus sínigh í.<br>• Comhroinn an nasc chuig na suirbhéanna, a bheidh soláthartha ag an gCigireacht, agus an nóta míniúcháin leis na tuismitheoirí uile a luaithe is féidir tar éis fógra a fháil faoin gcigireacht.<br>• Cabhraigh le múinteoirí na suirbhéanna ar dhaltaí/scoláirí a riar ina ranganna (idir rang a trí agus rang a sé i mbunscoileanna agus ag gach leibhéal ranga in iar-bhunscoileanna).<br>• Cinntigh go mbeidh na doiciméid riachtanacha uile ar fáil don chigireacht.<br>• Déan na socruithe riachtanacha do na cruinnithe. |
| LE LINN NA CUAIRTE CIGIREACHTA | Gníomhaíocht na Cigireachta | Iarr ar an bpríomhoide liosta de phearsanra na scoile a sholáthar chun sampla de dheichniúr a roghnú lena gcur faoi agallamh. |
| | | Athbhreithnigh:<br>• Cáschomhaid cosanta leanaí<br>• Miontuairiscí ar chruinnithe an bhoird<br>• Ráiteas maidir le cumhdach leanaí, lena n-áirítear an measúnú riosca<br>• Doiciméid athbhreithnithe bhliantúil an ráitis maidir le cumhdach leanaí<br>• Fógraí do thuismitheoirí, don chumann tuismitheoirí agus don phátrún<br>• Na trí mhiontuairisc is déanaí ar chruinnithe boird<br>• An Fhoirm Féintuairiscithe Grinnfhiosrúcháin chomhlánaithe |
| | | Tionóil cruinnithe leis na daoine seo a leanas:<br>• Sampla de phearsanra na scoile<br>• An DIA agus an Leas-DIA<br>• Cathaoirleach an bhoird bainistíochta |
| | | Tabhair aiseolas ó bhéal don phríomhoide agus don Leas-DIA.<br>Cé gur róil ar leith iad ról an DIA agus ról an phríomhoide, táthar ag súil leis gurb é/í an príomhoide a ghníomhóidh mar DIA. Tabharfar cuireadh don DIA chun freastal ar an gcruinniú sin i scoileanna nach é/í an príomhoide iontu é/í. |
| | Gníomhaíocht na Scoile | Cuireann an príomhoide na cáschomhaid, na doiciméid, na fógraí agus na miontuairiscí ar chruinnithe an bhoird ar fad maidir le cosaint leanaí ar fáil, agus eagraíonn sé/sí cruinnithe. |
| TAR ÉIS NA CUAIRTE CIGIREACHTA | Gníomhaíocht na Cigireachta | • Seol sonraí ón dá shuirbhé ar aghaidh chuig an scoil<br>• Tabhair glao ar an scoil chun torthaí an tsuirbhé agus an téasc den tuairisc a phlé<br>• Eisigh an dréacht-tuairisc le haghaidh dearbhú fíricí<br>• Déan gníomhaíocht leantach, más gá<br>• Eisigh an dréacht-tuairisc le haghaidh freagra ón scoil<br>• Foilsigh an tuairisc ar an suíomh gréasáin gov.ie |
| | Gníomhaíocht na Scoile | • Déan sonraí suirbhé a anailísiú agus a chomhroinnt<br>• Tabhair freagra ag céim an dearbhaithe fíricí<br>• Cuir an gníomh riachtanach chun feidhme, más infheidhme<br>• Tabhair freagra ag céim na freagartha scoile. |

# Doiciméid atá le hathbhreithniú le linn CCCL

**Athbhreithniú ar an ráiteas maidir le cumhdach leanaí agus ar mhiontuairiscí ar chruinnithe an bhoird**

Ráiteas maidir le cumhdach leanaí, lena n-áirítear an measúnú riosca, doiciméid athbhreithnithe bhliantúil, fógraí agus cumarsáidí a seoladh chuig pearsanra na scoile, chuig tuismitheoirí, chuig an gcumann tuismitheoirí agus chuig an bpátrún, agus miontuairiscí ar chruinnithe an bhoird bainistíochta, lena n-áirítear tuarascálacha maoirseachta um chosaint leanaí. Féach fosheiceálacha na sé réimse, sa tábla ag deireadh an rannáin seo, chun tuilleadh mionsonraí a fháil.

**Mar ullmhúchán:** Tabhair an ráiteas maidir le cumhdach leanaí agus na doiciméid athbhreithnithe ghaolmhara. Tabhair fianaise ar chumarsáidí a seoladh chuig pearsanra na scoile, chuig tuismitheoirí, chuig an gcumann tuismitheoirí agus chuig an bpátrún. Tabhair miontuairiscí ar chruinnithe an bhoird bainistíochta (na trí mhiontuairisc is déanaí ar ghnáth chruinnithe boird, agus rochtain ar mhiontuairiscí ar chruinnithe eile boird tar éis an athbhreithnithe ar cháschomhaid, b'fhéidir).

**Cé na doiciméid a ndéanfar athbhreithniú orthu le linn CCCL agus cad is féidir leis an scoil a dhéanamh chun ullmhú dó?**

**Athbhreithniú ar cháschomhaid**

Déanfar athbhreithniú ar shampla de shé cháschomhad trí úsáid a bhaint as na fosheiceálacha arb éard iad *Tuairisciú agus coimeád taifead* agus *Maoirseacht*.

**Mar ullmhúchán:** Cuir seomra i leataobh do na cigirí chun cáschomhaid agus miontuairiscí ar chruinnithe an bhoird bainistíochta a athbhreithniú.

**Grinnfhiosrúchán**

Iarrfar ort foirm féintuairiscithe grinnfhiosrúcháin a chomhlánú.

**Mar ullmhúchán:** Tá an fhoirm a bheidh tugtha ag an gCigireacht le comhlánú ag an bpríomhoide agus ag an gcathaoirleach.

**Athbhreithniú ar shonraí suirbhé**

Sonraí an tsuirbhé ar thuismitheoirí agus sonraí an tsuirbhé ar dhaltaí/scoláirí

**Mar ullmhúchán:** Comhroinn an nasc chuig na suirbhéanna, a bheidh soláthartha ag an gCigireacht, agus an nóta míniúcháin leis na tuismitheoirí uile a luaithe is féidir tar éis fógra a fháil faoin gcigireacht.

Cabhraigh le múinteoirí na suirbhéanna ar dhaltaí/scoláirí a riar ina ranganna (idir rang a trí agus rang a sé i mbunscoileanna agus ag gach leibhéal ranga in iar-bhunscoileanna).

# Agallaimh atá le déanamh le linn CCCL

**Cé na hagallaimh a dhéanfar le linn CCCL agus cad is féidir leis an scoil a dhéanamh chun ullmhú dó?**

**Agallamh le pearsanra (Sampla de dheichniúr)**
Sna hagallaimh a chuirfimid ar phearsanra na scoile, pléifimid na nithe seo a leanas:

- Oiliúint um chosaint leanaí a ndearna an scoil í a sholáthar nó a éascú
- An chaoi ar dhéileáil nó a ndéileálfadh siadsan agus an scoil le hábhair imní cosanta leanaí, agus a n-ionchais maidir leis an bpróiseas tuairiscithe
- Cad a dhéanfadh siad dá mbeadh ábhar imní cosanta leanaí acu faoin Duine Idirchaidrimh Ainmnithe

**Mar ullmhúchán:** Cuir in iúl do gach duine de phearsanra na scoile go bhféadfadh go roghnófaí iad le haghaidh agallamh le cigire, bunaithe ar na réimsí atá liostaithe thuas. Comhroinn na grafaicí faisnéise ar leathanaigh 59 agus 62 de na nósanna imeachta. Mol do gach duine de phearsanra na scoile aon doiciméadacht tacaíochta a theastaíonn uathu a thabhairt leo chuig an agallamh.
Socraigh go mbeidh na daoine de phearsanra na scoile ar fáil don agallamh sin (10 nóiméad in aghaidh an agallaimh).

**Agallamh leis an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus leis an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe**

Fiosraigh na sé réimse seo: Forbairt agus athbhreithniú beartais, Cumarsáid, Oiliúint, Tuairisciú agus coimeád taifead, Maoirseacht, agus Grinnfhiosrúchán.

**Mar ullmhúchán:** Cuir seomra i leataobh le haghaidh cruinnithe agus socraigh go mbeidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar fáil don agallamh seo (a mhairfidh thart ar 30 nóiméad).

**Agallamh le cathaoirleach** an bhoird bainistíochta

Inár n-agallamh, fiosróimid na sé réimse seo a leanas: Forbairt agus athbhreithniú beartais; Cumarsáid; Oiliúint; Tuairisciú agus coimeád taifead; Maoirseacht; agus Grinnfhiosrúchán.

**Mar ullmhúchán:** Tar éis teagmháil leis an gcigire, sceidealaigh cruinniú idir an cathaoirleach agus na cigirí, le linn an lae scoile más féidir. Tá rogha ann le haghaidh cruinniú duine le duine, cruinniú fíorúil nó glao teileafóin, i gcomhairle leis an gcigire tuairiscithe (a mhairfidh thart ar 30 nóiméad).

## Tuairisciú

Foilseofar an tuairisc ar an suíomh gréasáin gov.ie. Tugtar le fios mar a leanas sa chéad rannán den tuairisc cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon an scoil gach ceann de na seiceálacha:

- Comhlíontach
- Gan a bheith comhlíontach fós
- Ní bhaineann

I gcás nach bhfuil cáschomhaid cosanta leanaí ag scoil, cuirfear an méid sin in iúl sa tuairisc, agus ní bheidh feidhm ag an tseiceáil iomchuí.

I gcás *nach bhfuil scoil ag comhlíonadh* ceanglas ar leith *fós*, leagtar amach sa tuairisc na gníomhartha a theastaíonn chun go mbeidh an scoil in ann comhlíonadh a bhaint amach.

Eiseofar tuairisc CCCL tamaillín tar éis na cigireachta. Beidh cúig lá oibre ag an scoil chun dearbhú fíricí a dhéanamh ar an tuairisc agus chun aon earráidí fírice atá istigh inti, más ann, a chur in iúl.

*Má tá an scoil ag comhlíonadh* na seiceálacha uile, eiseofar an tuairisc le haghaidh freagra ón scoil. Beidh deich lá oibre ag an scoil chun freagra i scríbhinn a thabhairt ar an tuairisc. Déanfar an tuairisc atá tugtha chun críche agus an freagra ón scoil a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin gov.ie.

*Mura bhfuil an scoil ag comhlíonadh* aon cheann de na seiceálacha *fós*, rachaidh an cigire tuairiscithe i dteagmháil leis an scoil chun tacú léi agus, ina dhiaidh sin, déanfaidh an cigire tuairiscithe gníomhaíocht leantach chun an próiseas cigireachta a chríochnú. Eiseofar tuairisc CCCL tamaillín tar éis na cigireachta. Beidh cúig lá oibre ag an scoil chun dearbhú fíricí a dhéanamh ar an tuairisc agus chun aon earráidí fírice atá istigh inti, más ann, a chur in iúl. Ina dhiaidh sin, beidh deich lá oibre ag an scoil chun freagra i scríbhinn a thabhairt ar an tuairisc. Déanfar an tuairisc atá tugtha chun críche agus an freagra ón scoil a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin gov.ie.

Foilseofar an freagra ar aon dul leis na *Treoirlínte um Fhoilsiú Tuairiscí Cigireachta*. Is é atá i gcéim na freagartha scoile ná deis thábhachtach don scoil a leagan amach conas a thug sí aghaidh ar aon ghníomhartha a éilítear sa tuairisc nó conas a bheartaíonn sí aghaidh a thabhairt ar na gníomhartha sin.

## Gníomhaíocht leantach a dhéanamh i gcás nár baineadh comhlíonadh amach

Mura mbeidh comhlíonadh sna sé sheiceáil uile bainte amach ag an scoil ar chríochnú na gníomhaíochta leantaí, leanfaidh an Chigireacht le caidreamh a dhéanamh leis an scoil go dtí go mbeidh comhlíonadh bainte amach.

## Na sé sheiceáil

Is ó na nósanna imeachta a thagann na seiceálacha atá leagtha amach thíos. Tá siad sin deartha chun a chinntiú go soláthróidh scoileanna timpeallacht shlán shábháilte do gach duine dár leanaí. Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, leagtar amach sna nósanna imeachta na ceanglais ar scoileanna a bhaineann leo seo a leanas:

1. Forbairt agus athbhreithniú beartais
2. Cumarsáid
3. Oiliúint
4. Tuairisciú agus coimeád taifead
5. Maoirseacht
6. Grinnfhiosrúchán

Is ar an mbord bainistíochta atá an fhreagracht as a chinntiú go gcomhlíonann an scoil na seiceálacha seo ina n-iomláine. Déanfaidh an Chigireacht faireachán ar dhul chun cinn an bhoird ar lánchomhlíonadh a bhaint amach.

| **Seiceálacha agus fosheiceálacha** | |
|---|---|
| **Seiceáil 1: Forbairt agus athbhreithniú beartais** | 1 (a) Bhí an ráiteas um chumhdach leanaí, lena n-áiríodh an measúnú riosca, san fhormáid atá foilsithe ag an Roinn faoi láthair. |
| | 1 (b) Rinneadh athbhreithniú bliantúil ar an ráiteas um chumhdach leanaí, an measúnú riosca san áireamh, uair sa bhliain, i.e. gach bliain féilire. |
| | 1 (c) Bhí taifead ar an athbhreithniú agus a thoradh coinnithe ag an mbord. |
| | |
| **Seiceáil 2: Cumarsáid** | 2 (a) Bhí an ráiteas um chumhdach leanaí, an leagan do scoláirí, agus ainm an DIA ar taispeáint go feiceálach in aice leis an bpríomhbhealach isteach. |
| | 2 (b) Bhí an Ráiteas um Chumhdach Leanaí curtha ar fáil ag an scoil do gach ball foirne scoile, don phátrún, do chumann na dtuismitheoirí (nó, mura bhfuil aon cheann ann, go díreach do thuismitheoirí) agus bhí sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile. |
| | 2 (c) Chuir an scoil in iúl do phearsanra na scoile go ndearnadh athbhreithniú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí. Thug an scoil fógra i scríbhinn do chumann na dtuismitheoirí (nó, i gcás nach bhfuil aon cheann ann, go díreach do na tuismitheoirí) agus do phátrún na scoile go ndearnadh an t-athbhreithniú. Foilsíodh cóip den fhógra seo ar shuíomh gréasáin na scoile. |
| | |
| **Seiceáil 3: Oiliúint** | 3 (a) Thug an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe faoi oiliúint chuí chun a ról a chomhlíonadh. |
| | 3 (b) Thug an Leas-DIA faoi oiliúint chuí chun a ról a chomhlíonadh (i gcás nach bhfuil an DIA i láthair, chun tacú leis an DIA agus chun coinneáil ar an eolas faoi chásanna gníomhacha). |
| | 3 (c) D'fhreastal gach ball foirne scoile ar oiliúint chuí ar chosaint leanaí lena chinntiú go bhfuil an t-eolas riachtanach acu ar na nósanna imeachta le cur ar a gcumas a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh. |
| | 3 (d) Bhí a fhios ag gach ball de phearsanra na scoile a ndearnadh agallamh leo le linn na cigireachta cé chucu a rachaidís dá mbeadh imní orthu faoi chosaint leanaí. Ina theannta sin, bhí a fhios acu cé chucu a rachaidís dá mbeadh baint ag an imní faoi chosaint leanaí leis an DIA. |
| | 3 (e) Bhí gach ball de phearsanra na scoile ar an eolas faoi na gníomhartha a bhí le déanamh acu féin agus ag an DIA dá mbeadh imní orthu faoi chosaint leanaí. Bhí siad ar an eolas faoi na gníomhartha a bhain le comhairle a lorg, tuairisciú nó gan tuairisciú. |
| | |

| | |
|---|---|
| **Seiceáil 4: Tuairisciú agus coimeád taifead** | 4 (a) Coinníodh gach comhad cosanta leanaí in áit shábháilte. |
| | 4 (b) Sannadh uimhir chomhaid cháis do gach comhad agus, i gcásanna a bhfuil maoirseacht ag an mbord de dhíth orthu, sannadh cód uathúil nó sraithuimhir do na páirtithe ábhartha uile dá dtagraítear sna comhaid. |
| | 4 (c) Coinníodh taifead i scríbhinn ón DIA ar an gcomhad ábhartha maidir le gach ábhar imní faoi chosaint leanaí, maidir leis an gcaoi ar cuireadh an imní faoina mbráid. |
| | 4 (d) Bhí cóip den tuairisc a cuireadh faoi bhráid Tusla ar fáil, i gcás inar rinneadh tuairisc den sórt sin. |
| | 4 (e) Maidir le gach imní a tuairiscíodh do Tusla, bhí taifead ar fáil á rá gur chuir an DIA in iúl don tuismitheoir/cúramóir go raibh tuairisc á déanamh chuig Tusla, nó taifead ar an gcinneadh a rinne an DIA gan an tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas agus na cúiseanna nár rinneadh sin. |
| | 4 (f) Bhí taifead maidir le haon chomhairliúchán le Tusla, lena n-áiríodh an dáta, ainm an oifigigh Tusla agus an chomhairle a tugadh, ar fáil i gcás gach imní inar iarradh comhairle Tusla, agus fianaise gur cuireadh tuairisc faoi bhráid Tusla sa chás inar chomhairligh Tusla é sin a dhéanamh. |
| | 4 (g) Taifead gur cuireadh in iúl don bhall foirne scoile go raibh comhairle á lorg, agus cineál na comhairle a fuarthas ó Tusla, má bhaineann. |
| | 4 (h) Taifead ar ráiteas soiléir i scríbhinn a tugadh don bhall foirne scoile maidir leis na cúiseanna nach raibh a n-imní á tuairisciú agus gur tugadh comhairle dóibh go bhféadfadh siad an imní sin a thuairisciú do Tusla fós. |
| | 4 ( i ) Taifead ina léirítear, tar éis dóibh ábhar imní maidir le cosaint leanaí a fháil ó thuismitheoir **faoina leanbh féin,** gur eisigh an DIA fógra i scríbhinn dóibh, ag rá gur tuairiscíodh an t-ábhar do Tusla, nó gur chomhairligh Tusla dóibh gan an t-ábhar a thuairisciú, nó gur chinn an DIA nach raibh gá le tuairisciú ar an gcás agus na cúiseanna leis sin, agus go raibh sé de rogha ag an tuismitheoir teagmháil dhíreach a dhéanamh le Tusla faoin gcás. |
| | 4 (j) I gcás inar cuireadh cóipeanna folaithe de dhoiciméid in eagar faoi bhráid an bhoird le haghaidh maoirseachta, cuireadh cóip amháin de na taifid seo ar an gcomhad. Cuireadh nóta sínithe ina raibh cuntas ar na cóipeanna folaithe uile de na taifid ar an gcomhad freisin. |
| | 4 (k) Taifead gur cuireadh fostóir na scoile ar an eolas i gcás ina ndearnadh líomhain i gcoinne ball de **phearsanra na scoile** |
| | 4 (l) Taifead gur iarr fostóir na scoile (cathaoirleach BB/PF an BOO) comhairle ó Tusla nó gur thug siad tuairisc do Tusla **(má rinneadh an líomhain in aghaidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe)** |
| | 4 (m) Bhí comhad cóipe crua ar fáil do gach ábhar imní maidir le cosaint leanaí ina raibh taifid bhunaidh nach bhfuil anaithnidithe agus, i gcás lena mbaineann, cóip de na taifid a ndearnadh folú orthu. |
| | |
| **Seiceáil 5: Maoirseacht** | 5 (a) Cuireadh tuarascálacha maoirseachta um chosaint leanaí (TMCL) ar fáil don bhord ag gach gnáthchruinniú boird. |
| | 5 (b) Bhí an fhaisnéis uile a bhí ag teastáil faoi na nósanna imeachta sa tuarascáil mhaoirseachta um chosaint leanaí (TMCL). |
| | 5 (c) I gcás ina raibh cásanna cosanta leanaí ann a raibh maoirseacht ag an mbord ag teastáil ina leith, cuireadh cóipeanna folaithe de na |

| | |
|---|---|
| | doiciméid uile a shonraítear sna nósanna imeachta i leith gach cás den sórt sin ar fáil don bhord. |
| | 5 (d) Tagraíodh sna miontuairiscí ar chruinniú an bhoird d'uimhreacha cáschomhaid agus níor taifeadadh iontu ainm na ndaoine aonair lenar bhain, i gcás go raibh maoirseacht ar na cáschomhaid ag teastáil. |
| | |
| **Seiceáil 6: Grinn-fhiosrúchán** | 6 (a) Thuairiscigh an cathaoirleach agus an príomhoide i scríbhinn go gcomhlíonann siad a bhfreagrachtaí i ndáil le grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar phearsanra uile na scoile. |

## Soiléiriú maidir le soláthar na Tuarascála Maoirseachta um Chosaint Leanaí in Ionaid Oideachais (Ionaid Ógtheagmhála)

- I gcásanna áirithe, beidh bord bainistíochta ag ionaid Ógtheagmhála. Sna cásanna sin, ba cheart Tuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí a bheith san áireamh sna miontuairiscí ag gach gnáthchruinniú an bhoird sin.

- I gcásanna eile, is féidir go mbeidh bord amháin ann a bhfuil freagracht air as roinnt ionaid Ógtheagmhála. Sna cásanna sin, ba cheart Tuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí i ndáil le gach Ionad Ógtheagmhála atá faoi chúram an bhoird sin a bheith san áireamh sna miontuairiscí ag gach gnáthchruinniú an bhoird sin.

- Mura bhfuil aon chomhordaitheoir foriomlán ann do na hionaid Ógtheagmhála, rud a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh i roinnt Boird Oideachais agus Oiliúna bheaga, beidh freagracht bainistíochta líne ar an Oifigeach Oideachais Aosach agus soláthróidh sé/sí an Tuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí don Stiúrthóir um Breisoideachas agus Oiliúint. Ba cheart na tuarascálacha sin a sholáthar gach trí mhí agus ba cheart don Stiúrthóir um Breisoideachas agus Oiliúint taifid ar a soláthar a choinneáil agus ba cheart don Stiúrthóir um Breisoideachas agus Oiliúint iad a chur ar fáil don chigire arna iarraidh sin.

## Acmhainní atá ar fáil do scoileanna

D'fhorbair an Roinn trí leabhrán chun tacú le scoileanna na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025* a chur chun feidhme.

- **Leabhrán um Chosaint agus Chumhdach Leanaí**
- **Leabhrán um Cháschomhaid Cosanta Leanaí**
- **Leabhrán um Maoirseacht Cosanta Leanaí**

Tá na leabhráin sin ar an leathanach cosanta leanaí den suíomh gréasáin gov.ie anseo.

## Teagmháil

Féadfaidh scoileanna ceisteanna ginearálta maidir leis na nósanna imeachta um chosaint leanaí a sheoladh le ríomhphost chuig seoladh ríomhphoist tiomnaithe na Roinne ag childprotection@education.gov.ie

## Conclúid

Rinneadh an treoir seo a tháirgeadh agus a eisiúint i gcomhréir le halt 13(8) den *Acht Oideachais, 1998*. Tá an Chigireacht tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na samhla CCCL ó am go ham tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais.